Aonad 6

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# Cáin Ioncaim agus CBL

## Bileog Oibre Cánach Ioncaim 1



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Léigh na cás-staidéir seo thíos agus déan cinneadh ar chóir / nár chóir don duine clárú le haghaidh Cáin Ioncaim. Tabhair cúis le do fhreagra.

**1.** Tá an méid seo ag Christina:

- Ioncam Sceideal E de €46,890

**agus**

- Ioncam glan Sceideal D Cás V de €3,000

An gá do Christina clárú le haghaidh Cáin Ioncaim agus cánacha a íoc tríd an gcóras féinmheasúnaithe? **Is gá / Ní gá**

Mínigh an chúis atá le do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**2.** Is le Alexi an comhlacht Siúinéireacht AK agus ritheann sé é. Tá ioncam comhlán trádála de €40,000 aige.

An gá d'Alexi clárú le haghaidh Cáin Ioncaim agus cánacha a íoc tríd an gcóras féinmheasúnaithe? **Is gá / Ní gá**

Mínigh an chúis atá le do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________

**3.** Tá ioncam comhlán ó chíos eachtrach de €35,000 ag Ted faoi Sceideal D, Cás III. Is é seo an t-aon fhoinse ioncaim atá aige.

An gá do Ted clárú le haghaidh Cáin Ioncaim agus cánacha a íoc tríd an gcóras féinmheasúnaithe? **Is gá / Ní gá**

Mínigh an chúis atá le do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**4.** Tá an méid seo thíos ag Anna:

- Ioncam Sceideal E de €51,200

**agus**

- Ioncam glan cíosa Sceideal D Cás V de €7,500

An gá d'Anna clárú le haghaidh Cáin Ioncaim agus cánacha a íoc tríd an gcóras féinmheasúnaithe? **Is gá / Ní gá**

Mínigh an chúis atá le do fhreagra.

**5.** Tá glanioncam cíosa Éireannach de €4,500 ag Emily faoi Sceideal D, Cás V. Is é seo an t-aon fhoinse ioncaim atá aici.

An gá d'Emily clárú le haghaidh Cáin Ioncaim agus cánacha a íoc tríd an gcóras féinmheasúnaithe? **Is gá / Ní gá**

Mínigh an chúis atá le do fhreagra.

**6.** Tá ioncam comhlán gairmiúil de €30,100 ag Ahmed mar abhcóide féinfhostaithe.

An gá d'Ahmed clárú le haghaidh Cáin Ioncaim agus cánacha a íoc tríd an gcóras féinmheasúnaithe? **Is gá / Ní gá**

Mínigh an chúis atá le do fhreagra.

**7.** Tá ioncam comhlán fostaíochta Sceideal E de €31,000 ag Jack.

An gá do Jack clárú le haghaidh Cáin Ioncaim agus cánacha a íoc tríd an gcóras féinmheasúnaithe? **Is gá / Ní gá**

Mínigh an chúis atá le do fhreagra.

**8.** Tá an méid seo thíos ag Bogdan:

- Ioncam fostaíochta Sceideal E de €54,750

**agus**

- Ioncam comhlán díbhinne Sceideal F de €31,000

An gá do Bogdan clárú le haghaidh Cáin Ioncaim agus cánacha a íoc tríd an gcóras féinmheasúnaithe? **Is gá / Ní gá**

Mínigh an chúis atá le do fhreagra.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**9.** Tá an méid seo thíos ag Fiona:

- Ús ó stoic rialtais Sceideal D Cás III de €3,000

**agus**

- Ioncam comhlán cíosa Sceideal D Cás V de €29,000.

An gá do d'Fhiona clárú le haghaidh Cáin Ioncaim agus cánacha a íoc tríd an gcóras féinmheasúnaithe? **Is gá / Ní gá**

Mínigh an chúis atá le do fhreagra.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**10.** Tá ioncam comhlán trádála Sceideal D Cás I ag Viktor de €25,000 mar mheicneoir féinfhostaithe.

An gá do Viktor clárú le haghaidh Cáin Ioncaim agus cánacha a íoc tríd an gcóras féinmheasúnaithe? **Is gá / Ní gá**

Mínigh an chúis atá le do fhreagra.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________